Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2023
(OR. en)

9873/23

LIMITE

AVIATION 113
RELEX 659
MA 6

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0141(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9160/23 INIT + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh<br>– Glacadh |

1. Síníodh an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit agus Ríocht Mharacó an 12 Nollaig 2006 le cur i bhfeidhm sealadach agus tháinig sé i bhfeidhm an 19 Márta 2018.

2. Leasaíodh an Comhaontú le Prótacal atá i bhfeidhm go sealadach ó síníodh é an 18 Meitheamh 2012 chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh.

3. An 8 Bealtaine 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail chun aontachas na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh.

4. Tar éis don Mheitheal um Eitlíocht scrúdú a dhéanamh orthu an 25 Bealtaine 2023, rinne seirbhísí dlí agus teanga na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh thuasluaite ón gComhairle agus ar théacs an Phrótacail.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in 9318/23 é agus ar théacs an Phrótacail mar a leagtar amach in 8938/23 é, agus a mholadh don Chomhairle, ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, síniú an Phrótacail sin a cheadú.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig PE.

7. Foilseofar an Cinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

PUBLIC